



# Gaeilscoil Thaobh na Coille

Ní Neart go Cur le Chéile



## Lúthchleasaíocht : Seantraibh 2019

Comhghairdeas ó chroí lenár iomaitheoirí lúthchleasaíochta a tháinig abhaile le 23 bonn thar dhá lá iomaíochta i Seantraibh i mbliana. Ritheadh an lá páirce Dé Luain 20 Bealtaine. I measc na buaiteoirí bhí Alex Ní Chléirigh (1ú háit Caitheamh Meáchain F14), Aoife Ní Néill (1ú háit F14 sa Chliathrás), Ruth Ní Aoláin (2ú háit F14 sa 600m), Alice Sincléir (2ú háit sa Léimt Ard F11), Niamh Ní Aoláin (3ú háit sa Chliathrás F11), Grace Nic Aodha (3ú háit sa 600m F11). Bhí an t-ádh dearg ar na páistí ar fad go raibh lá breá gréine ann.

A mhalaírt a bhí amhlaidh leis an dara lá – Dé Luain 27 Bealtaine, an lá traic, toisc gur oscail na scamaill agus bhí na hiomaitheoirí fluich go craiceann. Mar sin féin, níor stop sé sin na páistí ag teacht abhaile arís le boinn. Seo a leanas na buaiteoirí a bhí againn – Rás tapaighd 100m F14 1ú háit Ruth Ní Aoláin, Rás tapaighd 60m F10 3ú háit Dylan Ó Dubhthaigh, Rás Sealaíochta Cailíní F10 – 3ú háit - Alannah, Ava, Daisy, Holly, Mia, Rás Sealaíochta Cailíní F11 – 3ú háit - Alice, Chloe, Grace, Katie-Daisy, Niamh, Rás Sealaíochta Cailíní F14 – 4ú háit - Aoife, Charlie, Martha, Meave, Ruth.

Táimid an-bhródúil as na páistí ar fad a ghlac páirt sna comórtaisí lúthchleasaíochta ar fad thar an dá lá, formhór acu a chuaigh ar aghaidh chuig craobhacha ina n-imeachtaí féin. Comhghairdeas le gach páiste a ghlac páirt i Seantraibh.

*A huge congratulations to our athletics competitors on bringing home a total of 23 medals from the Cumann na mBunscol Athletics events in Santry. The Athletics field events were held on Monday the 20<sup>th</sup> of May. Gaeilscoil Thaobh na Coille's medallists were: Alex Ní Chléirigh (1<sup>st</sup> place in Shot Putt U14), Aoife Ní Néill (1<sup>st</sup> place in Hurdles U14) Ruth Ní Aoláin (2<sup>nd</sup> place in 600m race U14), Alice Sincléir (2<sup>nd</sup> place in high jump U11) Niamh Ní Aoláin (3<sup>rd</sup> place in Hurdles U11), Grace Nic Aodha (3<sup>rd</sup> place in 600m race U11). The weather was lovely on the day and was perfect for the athletics.*

*However, it was a different story altogether the following Monday (27<sup>th</sup> of May) when the track events that were held as the skies opened up and the rain came done in torrents soaking the athletes through to the skin! However, the inclement weather did not stop our athletes who excelled once again by winning another 17 medals: Ruth Ní Aoláin (1<sup>st</sup> place 100m Sprint U14), Dylan Ó Dubhthaigh (3<sup>rd</sup> place 60m Sprint U10), Girls Relay Race U10 3<sup>rd</sup> place (Alannah, Ava, Daisy, Holly, Mia) Girls Relay Race U11 3<sup>rd</sup> place (Alice, Chloe, Grace, Katie-Daisy, Niamh) Girls Relay Race U14 4<sup>th</sup> place (Aoife, Charlie, Martha, Meave, Ruth)*

*We are very proud of all of the pupils who competed in Santry over the two days, most of whom made it through to the final heats in their respective events. Comhghairdeas to them all.*



## Craobh Camógaíochta : Corn Haughey 2019

Ghlac foireann camógaíochta na scoile páirt i gCorn Haughey (Roinn 2 Cumann na mBunscol Átha Cliath) i mbliana. Bhí an bua acu ar Scoil San Treasa (Cnoc Mhuirfean), Scoil an Bhriathair Dhiaga (Grainís Mharlaí) agus Scoil Naithí (Baile an tSaoir) sna réamhbabhtáí. Chríochnaigh siad ar bharr Léig B agus dá bhrí sin bhí cead ar aghaidh gan imirt acu ón gceathrú chraobh. Bhaineadar an cheann is fearr amach ar Scoil Naisiúnta Thaobh na Bánna (Cill Fhionntáin) sa leath chraobh.

Tá Scoil Eoin Baiste Cailíní Sinsearach (Cluain Tarbh) ag fanacht orthu sa chraobh. Tá gach cluiche buaite acu go dtí seo freisin. Imreofar an chluiche sin Dé Luain 10 Meitheamh i bPáirc an Chrócaigh. Caithfear an sliotar isteach ag 1.30pm agus táimid ag súil go mór le lucht tacaíochta láidir ón scoil chun na cailíní a spreagadh i dtreo an bhua ar an ócáid speisialta seo.

*The school camogie team participated in the Corn Haughey (Division 2 Cumann na mBunscol Dublin) this year. They beat Scoil San Treasa (Mount Merrion), Divine Word (Marlay Grange) and Scoil Naithí (Ballinteer) in the round robin group stages. As a result of finishing top of Group B, they received a bye in the quarter final. They overcame a competitive Bayside Senior Girls' NS (Sutton) in the semi-final.*



*Foireann camógaíochta i mbun traenála agus é ag stealladh báistí!*

*Their opponents in the final will be Belgrove Senior Girls' National School from Clontarf, who have won all their games to date also. The match will be played on the hallowed turf of Croke Park on Monday 10<sup>th</sup> of June with a 1.30pm throw in. We are asking parents and children to come out on force to inspire the girls to victory on this very special occasion for the school.*

## Seaimpín Gleacaíochta na hÉireann Irish Gymnastics Champion



Comhgháirdeachas ollmhór le Rachel Tirial (R5B), Seaimpín Gleacaíochta na hÉireann F12. A huge congratulations to Rachel Tirial, Overall Irish U12 Gymnastics Champion.

## Seachtain Spóirt & Spraoi : Lá Spóirt

Níl an cuma ar go mbeidh an aimsir linn an tseachtain seo mar go bhfuil báisteach gealta don chuid is mó den tseachtain. Beidh orainn cuid mhaith de na himeachtaí a bhí pleanáilte againn don tseachtain spóirt agus spraoi a chur ar athló go bhfeabhsaíonn an aimsir. Níl a fhios againn fós an mbeimid in ann leanúint ar aghaidh leis na rásanna spóirt a bhí pleanáilte againn don Déardaoin (N1/N2) agus don Aoine (R1 go R6) agus déanfaimid cinneadh faoi sin níos cóngaraí don am. Cuirfimid scéala chugaibh ar r-phost nó ar téacs nuair a déantar an cinneadh.



*Unfortunately it looks like today's bad weather is set to continue for the rest of the week. We have had to postpone many of the activities that had been planned for our Seachtain Spóirt & Spraoi until the weather improves. We do not know as yet whether or not our sports days, due to be held Thursday (N1/N2) and Friday (R1 - R6) will go ahead and will not make a decision on those until nearer the time. We will let you know via e-mail or text-a-parent as soon as a decision has been made.*